



Uimhir 40 de 2017

An tAcht um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, 2017
[An tiontú oifigiúil]



Uimhir 40 de 2017

AN tACHT UM THEANGA CHOMHARTHAÍOCHTA NA hÉIREANN, 2017

[An tiontú oifigiúil]

CLÁR AN ÁBHAIR

Alt

1. Léiriú
2. Rialacháin
3. Aitheantas a thabhairt do Theanga Chomharthaíochta na hÉireann
4. Teanga Chomharthaíochta na hÉireann a úsáid in imeachtaí dlí
5. Tacaí oideachais le haghaidh leanaí atá bodhar
6. Dualgas comhlachtaí poiblí
7. Ateangairí fíoraithe atá inniúil i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann a fhrúiliú
8. Prionsabail chraolacháin
9. Tacaíocht ionas go mbeidh rochtain ag úsáideoirí Theanga Chomharthaíochta na hÉireann ar ócáidí, ar sheirbhísí agus ar ghníomhaíochtaí
10. Tuarascáil ar oibriú an Achta
11. Gearrtheideal agus tosach feidhme

[Uimh. 40.]

*An tAcht um Theanga Chomharthaíochta
na hÉireann, 2017.*

[2017.]

NA HÁCHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

An tAcht Craolacháin, 2009 (Uimh. 18)

Acht na gCuideachtaí, 2014 (Uimh. 38)

An tAcht Oideachais, 1998 (Uimh. 51)

An tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 (Uimh. 11)

An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001 (Uimh. 37)



Uimhir 40 de 2017

AN tACHT UM THEANGA CHOMHARTHAÍOCHTA NA hÉIREANN, 2017

[An tiontú oifigiúil]

Acht do dhéanamh socrú maidir le haitheantas a thabhairt do Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, maidir lena húsáid in imeachtaí dlí agus maidir le comhlachtaí poiblí do sholáthar ateangaireacht go Teanga Chomharthaíochta na hÉireann agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara. [24 Nollaig 2017]

Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:

Léiriú

1. San Acht seo—

ciallaíonn “Teanga Chomharthaíochta na hÉireann” an teanga chomharthaíochta a úsáideann tromlach phobal na mbodhar sa Stát;

ciallaíonn “Aire” an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais;

ciallaíonn “forordaithe” forordaithe le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire;

ciallaíonn “comhlacht poiblí”:

- (a) Roinn Stáit (seachas, i ndáil leis an Roinn Cosanta, Óglaigh na hÉireann) a bhfuil freagracht ar Aire den Rialtas aisti;
- (b) údarás áitiúil de réir bhrí an Achta Rialtais Áitiúil, 2001;
- (c) Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte;
- (d) ollscoil nó institiúid teicneolaíochta;
- (e) bord oideachais agus oiliúna arna bhunú faoi alt 9 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013;
- (f) aon duine, comhlacht nó eagraíocht eile arna bhunú nó arna bunú—
 - (i) le hachtachán nó faoi achtachán (seachas Acht na gCuideachtaí, 2014) nó le cairt nó faoi chairt,
 - (ii) le haon scéim arna riaradh ag Aire den Rialtas, nó

- (iii) faoi Acht na gCuideachtaí, 2014 de bhun cumhachtaí a thugtar le hachtachán eile nó faoi achtachán eile, agus a mhaoinítear go hiomlán nó go páirteach le hairgead arna sholáthar, nó le hiasachtaí arna ndéanamh nó arna ráthú, ag Aire den Rialtas nó le heisiúint scaireanna arna sealbhú ag Aire den Rialtas nó thar ceann Aire den Rialtas;
- (g) cuideachta (de réir bhrí Acht na gCuideachtaí, 2014) a bhfuil tromlach de na scaireanna inti á shealbhú ag Aire den Rialtas nó thar ceann Aire den Rialtas;
- (h) aon duine, comhlacht, eagraíocht nó grúpa eile a fhorordaítear faoi *alt 6(5)*.

Rialacháin

- 2. (1) Féadfaidh an tAire, le rialacháin, foráil a dhéanamh maidir le haon ní dá dtagraítear san Acht seo mar ní atá forordaithe nó le forordú.
- (2) Déanfar gach rialachán a dhéanfar faoin Acht seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an rialachán a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú na rialachán, beidh an rialachán ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin rialachán.

Aitheantas a thabhairt do Theanga Chomharthaíochta na hÉireann

- 3. (1) Admhaíonn an Stát an ceart atá ag úsáideoirí Theanga Chomharthaíochta na hÉireann Teanga Chomharthaíochta na hÉireann a úsáid mar a dteanga dhúchais, agus an dualgas comhréireach atá ar gach comhlacht poiblí ateangaireacht a sholáthar saor in aisce d'úsáideoirí Theanga Chomharthaíochta na hÉireann nuair a bheidh leas á bhaint acu as teidil agus seirbhísí reachtúla nó nuair a bheidh siad ag iarraidh rochtain a fháil ar theidil nó seirbhísí reachtúla.
- (2) Beidh an ceart ag an bpobal daoine a úsáideann Teanga Chomharthaíochta na hÉireann Teanga Chomharthaíochta na hÉireann a úsáid, a fhorbairt agus a chaomhnú.

Teanga Chomharthaíochta na hÉireann a úsáid in imeachtaí dlí

- 4. (1) Féadfaidh duine Teanga Chomharthaíochta na hÉireann a úsáid in aon chúirt nó in aon phléadáil in aon chúirt.
- (2) Tá dualgas ar gach cúirt, in aon imeachtaí os a comhair, gach ní atá réasúnach a dhéanamh chun a chinntiú go bhféadfaidh aon duine atá inniúil i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann agus nach bhfuil in ann Béarla ná Gaeilge a chloisteáil ná a thuiscint agus a bheidh ag láithriú inti nó a bheidh ag tabhairt fianaise os a comhair éisteacht a fháil sa teanga sin, má roghnaíonn sé nó sí amhlaidh, agus nach mbeidh an duine, trí éisteacht a fháil amhlaidh, faoi aon mhíbhuntáiste toisc go bhfaigheann sé nó sí éisteacht sa teanga sin.
- (3) D'fhonn a chinntiú nach mbeidh aon duine faoi mhíbhuntáiste mar a dúradh, féadfaidh an chúirt a chur faoi deara cibé saoráidí is dóigh léi is cuí a chur ar fáil chun ateangaireacht chomhuaineach nó chomhleanúnach go Teanga Chomharthaíochta na hÉireann a dhéanamh ar imeachtaí.

Tacaí oideachais le haghaidh leanaí atá bodhar**5. Déanfaidh an tAire Oideachais agus Scileanna—**

- (a) scéim a bhunú chun ranganna i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann a sholáthar—
 - (i) do thuismitheoirí, do dheartháireacha agus do dheirfiúracha, agus do sheantuismitheoirí linbh atá bodhar, agus
 - (ii) do dhaoine eile atá ag feidhmiú *in loco parentis* nó atá mar chaomhnóir ar leanbh atá bodhar,
- (b) go dtí go ndéanfar an t-athbhreithniú ar an Scéim um Chúntóirí Riachtanas Speisialta atá á ghabháil de láimh ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta a thabhairt chun críche agus go gcuirfear aon mholtaí a eascraíonn as an athbhreithniú i ngníomh, scéim a bhunú chun tacaíocht i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann a sholáthar do leanaí atá ag freastal ar scoileanna aitheanta (de réir bhrí an Achta Oideachais, 1998) arb í Teanga Chomharthaíochta na hÉireann a bpríomhtheanga,
- (c) a chinntiú go mbunóidh forais ardoideachais sa Stát, mar chuid de chlár oideachais agus oiliúna do mhúinteoirí a sholáthraíonn na forais sin, cibé foráil is dóigh leis nó léi is gá chun a chinntiú go mbeidh líon leordhóthanach socrúchán oideachais ann lena dtairgtear oiliúint i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann do mhúinteoirí leanaí atá bodhar nó a bhfuil allaíre orthu agus atá ag freastal ar scoileanna aitheanta, agus
- (d) más indéanta é agus ag féachaint don ghá atá ann a chinntiú go ndéanfar oideachas agus seirbhísí tacaíochta a sholáthar do leanaí atá bodhar nó a bhfuil allaíre orthu agus atá ag freastal ar scoileanna aitheanta, cáilíochtaí íosta mhúinteoirí na leanaí sin a chinneadh ó am go ham.

Dualgas comhlachtaí poiblí

- 6. (1) Déanfaidh comhlacht poiblí gach ní atá réasúnach chun a chinntiú go soláthrófar ateangaireacht go Teanga Chomharthaíochta na hÉireann do dhuine atá inniúil sa teanga sin agus nach bhfuil in ann Béarla ná Gaeilge a chloisteáil ná a thuiscint nuair atá an duine sin ag iarraidh leas a bhaint as teidil nó seirbhísí reachtúla, nó ag iarraidh rochtain a fháil ar theidil nó seirbhísí reachtúla, a sholáthraíonn an comhlacht poiblí sin le reacht nó faoi reacht.
- (2) Ní ghearrfar aon chostas ar an duine lena mbaineann as ateangaireacht a sholáthar dó nó di.
- (3) Féadfaidh an tAire, le rialacháin—
 - (a) a fhoráil, i gcás go mbeartaíonn duine leas a bhaint as seirbhísí i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann arna soláthar ag comhlacht poiblí, go dtabharfaidh an duine cibé fógra roimh ré don chomhlacht poiblí á rá go bhfuil sé beartaithe aige nó aici déanamh amhlaidh laistigh de cibé tréimhse ama a bheidh sonraithe sna rialacháin, nó
 - (b) foráil a dhéanamh maidir leis an nós imeachta i ndáil le comhlacht poiblí do sholáthar na seirbhísí sin.

- (4) Is leor cianseirbhís ghréasánbhunaithe a sholáthar, nó leas a bhaint as an gcéanna, chun freastal d'oibleagáidí comhlachta phoiblí faoin alt seo, má thóilíonn an duine a bhfuil úsáid á baint aige nó aici as Teanga Chomharthaíochta na hÉireann amhlaidh.
- (5) Féadfaidh an tAire cibé duine, comhlacht, eagraíocht nó grúpa eile a mhaoinítear go hiomlán nó go páirteach as airgead arna sholáthar ag an Oireachtas a fhorordú mar chomhlacht poiblí (is duine, comhlacht, eagraíocht nó grúpa ba chóir a fhorordú amhlaidh, i dtuairim an Aire, ar mhaithe le leas an phobail agus ag féachaint d'fhorálacha an Achta seo agus dá bhfuil ar intinn leis an Acht seo).

Ateangairí fíoraithe atá inniúil i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann a fhrúiliú

7. Ní dhéanfaidh cúirt ná comhlacht poiblí, i gcomhlíonadh a hoibleagáidí nó a oibleagáidí faoin Acht seo, seirbhísí duine a sholáthraíonn ateangaireacht i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann a fhrúiliú mura bhfuil inniúlacht an duine fíoraithe trína chreidiúnú nó trína creidiúnú de réir scéim chreidiúnúcháin arna maoiniú ag an Aire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí.

Prionsabail chraolacháin

8. Le linn do chraoltóirí (de réir bhrí an Achta Craolacháin, 2009) a n-oibleagáidí a chomhall i ndáil le spriocanna agus ceanglais, ó thaobh Theanga Chomharthaíochta na hÉireann de, i leith cláir a tharchuirtear ar sheirbhís chraolacháin (de réir bhrí an Achta sin) a sholáthraíonn an craoltóir mar atá leagtha amach sna rialacha craolacháin arna ndéanamh ag Údarás Craolacháin na hÉireann faoi alt 43(1)(c) den Acht Craolacháin, 2009, cloífidh siad leis na prionsabail a bhfuil an comhionannas, dínit agus meas mar bhonn leo agus na cláir sin á gcur chun cinn agus á gcráladh acu.

Tacaíocht ionas go mbeidh rochtain ag úsáideoirí Theanga Chomharthaíochta na hÉireann ar ócáidí, ar sheirbhísí agus ar ghníomhaíochtaí

9. (1) Féadfaidh an tAire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, cistí a sholáthar, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas, chun go n-éascófar d'úsáideoirí Theanga Chomharthaíochta na hÉireann tacaíocht a fháil i ndáil le rochtain a bheith ag na húsáideoirí sin ar ócáidí agus ar sheirbhísí sóisialta, oideachais agus cultúir (lena n-áirítear seirbhísí liachta) agus ar ghníomhaíochtaí eile de réir mar a bheidh sonraithe i dtreoirilínte arna ndéanamh ag an Aire sin den Rialtas.
- (2) Sonrófar i dtreoirilínte faoin alt seo na hócáidí, na seirbhísí agus na gníomhaíochtaí lena mbaineann na treoirilínte agus déanfar foráil iontu maidir leis an tacaíocht i ndáil le rochtain a bheith ag úsáideoirí Theanga Chomharthaíochta na hÉireann ar na hócáidí, na seirbhísí agus na gníomhaíochtaí sin a bhainistiú agus a sheachadadh.

Tuarascáil ar oibriú an Achta

10. (1) Déanfaidh an tAire, tráth nach déanaí ná 3 bliana tar éis an dáta a achtófar an tAcht seo agus gach 5 bliana dá éis sin, a cheangal go n-ullmhófar tuarascáil ar oibriú an Achta seo.
- (2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, beidh i dtuarascáil faoin alt seo measúnacht ar na nithe seo a leanas—

- (a) an gá nó an inmhianaithe aon leasuithe a dhéanamh ar raon agus ábhar an Achta seo,
 - (b) an gá forálacha breise a dhéanamh i ndáil le tacaí do leanbh laistigh den chóras scoile arb í Teanga Chomharthaíochta na hÉireann a phríomhtheanga nó a príomhtheanga, agus
 - (c) na cáilíochtaí don leibhéal íosta inniúlachta i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann a bheidh ag daoine atá ag múineadh leanbh arb í Teanga Chomharthaíochta na hÉireann a phríomhtheanga nó a príomhtheanga.
- (3) Cinnteoidh an tAire go rachfar i gcomhairle le daoine nó le heagraíochtaí atá ionadaitheach do leasanna daoine de phobal na mbodhar faoi nithe a bheidh le breithniú i dtuarascáil a ullmhófar faoin alt seo.
- (4) Cuirfidh an tAire faoi deara cóip de thuarascáil arna hullmhú faoin alt seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Gearrtheideal agus tosach feidhme

11. (1) Féadfar an tAcht um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, 2017 a ghairm den Acht seo.
- (2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta, nach déanaí ná 3 bliana tar éis an tAcht seo a rith, a shocrófar chuige sin, le hordú nó le horduithe a dhéanfaidh an tAire faoin alt seo, i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a shocrú amhlaidh chun críoch éagsúil agus le haghaidh forálacha éagsúla.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€1.27

ISBN 978-1-4468-6141-7



9 781446 861417